Irish translation of:
Immunisation for pre-school children three to five years old.

Imdhíonadh fá choinne páistí réamhscoile
trí go cúig bhliain d’aois

Brollach
Sa bhileog seo tá fíricí fá dtaobh de vacsaín diftéire, teiteanais, treacha is polaimiailítis, agus teanndáileog MMR a thugtar do pháistí sula ngabhann said ar scoil. Más mian leat labhairt fá dtaobh den eolas seo déan teagmháil más é do thoil é le dochtúir an teaghlaigh, do chuairteoir sláinte nó d'altra cleachtaidh. Thiocfadh go mbeidh sé ina chuidiú duit fosta tadhall ar
www.immunisation.nhs.uk
www.dhsspsni.gov.uk/immunisation

Vacsaín diftéire, teiteanais, treacha is polaimiailítis
Tugann an vacsaín seo cosaint in éadan diftéire, teiteanais, an treacha is polaimiailítis. Tugtar an chuid a bhaineann le polaimiailíteas san instealladh céanna seachas de bhéal anois.

Ba cheart go mbeadh teanndáileog den vacsaín seo ag do pháiste eadar trí is cúig bhliain d’aois (sula dtoisíonn said ar scoil).

Tabharfar teanndáileog sa bhreis in éadan diftéire, teiteanais is polaimiailítis eadar aois 14 is 18.

Goidé mar is eol dúinn go bhfuil an vacsaín seo sábháilte is éifeachtach?
Caithfidh vacsaín gabháil fá iomaí tástáil le seiceáil go bhfuil sí sábháilte agus go n-oibríonn sí sula dtugtar do dhuine ar bith é. Leanann an tseiceáil seo ar aghaidhe fiú i ndéidh an vacsaín a thabhairt isteach. Ní bhaintear feidhm ach as vacsaíní a n-éiríonn leofa in achan chionn de na tástálacha sábháilteachta. Tig le hachan leigheas fo-iarsmaí a tharraingt ach tá vacsaíní i measc na gcionn is sábháilte. Tugann taighde ar fud na cruinne le fios gurb é imdhíonadh an dóigh is sábháilte le sláinte do pháiste a chosaint.

Mhothaigh mé go bhfuil mearcair i vacsaíní
Ní bhaintear feidhm tuilleadh as mearcair i vacsaíní sa ghnáthchlár imdhíonta le linn aois an pháiste. Bítear ag baint feidhme as codán beag bídeach le corradh le 60 bliain anuas le cuidiú chun vacsaíní a chaomhnú. I rith an ama seo, ní raibh fianaise ar bith ann riamh go ndearna sé díobháil ar bith. Ina dhéidh sin, táthar i

ndéidh na feidhme a thabhairt as de réir a chéile mar chuid den sprioc domhanda chun nochtadh le mearcair ó fhoinsí inseachanta a laghdú.

Cad iad na galair a choisceoidh an vacsaín seo?

Diftéire

Is galar tromchúiseach é diftéire atá i ndán fadhbanna análaithe a tharraingt go gasta. Tig léi an croí is an néarchóras a mhilleadh agus, i gcásanna tromchúiseacha, tig leis marú. Sular tugadh isteach an vacsaín in éadan diftéire, bhí oiread is 1,500 de chásanna den diftéir in aghaidh na bliana i dTuaisceart Éireann.

Teiteanas

Is galar pianmhar é teiteanas a ghabhann i gcion ar na matáin agus atá i ndán fadhbanna análaithe a tharraingt. Tarlaíonn sé nuair a ghabhann ginidíní a fhaightear san ithir agus in aoileach isteach don cholainn fríd ghearrthacha foscailte nó dhónna. Gabhann an teiteanas i gcion ar an néarachas agus tig leis marú. Ní féidir é a chur ar aghaidhe ó dhuine go duine.

An triuch

Is galar é an triuch atá in innimh babhtaí fada de chasachtaigh is de thachtadh a tharraingt, rud a fhágann doiligh é anáil a tharraingt. Tig leis maireachtáil suas go 10 seachtainí. Tig leis a bheith iontach tromchúiseach do pháistí óga agus fiú leanbáin faoi bhun bliana amháin d'aois a mharú. Sular tugadh isteach an vacsaín in éadan an treacha, tuairiscíodh oiread is 3,500 de chásanna den triuch achan bhliain i dTuaisceart Éireann.

Polaimiailíteas

Is víreas é polaimiailíteas a ionsaíonn an néarchóras agus atá i ndán pairilis bhuan a thabhairt ar na matáin. Má imríonn sé rian ar mhatáin an chliabhraigh nó na hinchinne, tig le polaimiailíteas marú. Sular tugadh isteach an vacsaín in éadan polaimiailítis, tharla oiread is 1,500 de chásanna den pholaimiailíteas pairiliseach achan bhliain i dTuaisceart Éireann.

Fo-iarsmaí na vacsaíne

Ní bheidh fo-iarsmaí ar bith ar an mhórchuid de leanbáin, ach ní hionann achan leanbán. Thiocfadh go dtógfadh do leanbán féin cuid de na fo-iarsmaí seo a leanas, a bhíonn éadrom de ghnáth:

- greannaitheacht suas do 48 uaire i ndéidh an t-instealladh a fháil;
- fiabhras éadrom;
- meall beag ag láthair an insteallta. Thiocfadh go maireadh sé seo ar feadh traidhfil seachtainí agus imeoidh sé as de réir a chéile.

Más rud é gur dóigh leat go raibh frithghníomh ar bith eile ag do leanbán in éadan vacsaín diftéire, teiteanais, treacha nó polaimiailítis agus gur cúis imní duit é, labhair fá dtaobh de le do dhochtúir, d’altra cleachtaidh nó do chuairteoir sláinte.

Tig le tuismitheoirí is cúramóirí fo-iarsmaí amhrasta ag vacsaíní is leigheasanna a thuairisciú fosta fríd Scéim na gCártaí Buí. Is féidir é seo a dhéanamh ar line fríd thadhall ar www.yellowcard.gov.uk nó scairt ar line chuidithe na gCárta Buí in aisce ar 0808 100 3352 (le fail Luan go hAoine 10.00rn go 2.00in).

Iontach annamh, tig le vacsaín frithghníomh ailléirgeach a tharraingt, leithéid is gríos nó tochas a imríonn tionchar ar chuid den cholainn nó ar iomlán na colainne. Níos annamh fós, thiocfadh frithghníomh tromchúiseach a bheith ar pháistí de thairbhe an imdhíonta, rud a bhíonn ag tarraingt fadhbanna le hanálú is fiú titim. Is éard a thugtar air seo ná anaifolacsas.

Tá tugtha le fios ag taighde ar na mallaibh go dtuairiscítear cás amháin d'anaifiolacsas ina chóir de leathmhilliún instealladh a thugtar. Cé gur cúis imní iad frithghníomhartha ailléirgeacha, tig athshlánú gasta is iomlán de thairbhe cóireála. Go hiontach annamh, d'fhéadfadh taom teacht ar leanbáin lá nó dhó i ndéidh díofa an vacsaín seo a fháil. De ghnáth, bíonn sé seo gaolta le teocht iontach ard. Má bhaineann taom do do pháiste féin, cuir fios ar do dhochtúir láithreach bonn. De ghnáth, déanann páistí athshlánú ó thaomanna go gasta is go hiomlán.

Féadfaidh taomanna teacht ar pháistí óga ag am ar bith, mar sin ní gá go mbeadh taom i ndéidh díofa vacsaín a fháil a bheith nasctha leis an vacsaín. Déanfaidh do dhochtúir féin cinneadh an tig le do pháiste breis dáileoga den vacsaín a fháil.

Vacsaín MMR

Déanann MMR do pháiste a chosaint in éadan bruitíní, leicní is bruitíní deirge.

Ba cheart go mbeadh teanndáileog de vacsaín MMR ag do pháiste idir trí is cúig bhliain d'aois (sula dtoisíonn said ar scoil).

Mura bhfuil do pháiste i ndéidh an chéad teanndáileog a bheith acu, beidh feidhm acu anois ar thrí theanndáileog trí mhí óna chéile. Ó tugadh isteach MMR anseo in 1988, tá lion na bpáistí a thógann na galair seo tite don lion a b'ísle ariamh.

Tig le bruitíneach, leicneach is bruitíneach dhearg neart aimhréidhe a tharraingt.

- Tig leis an bhruitíneach ionfabhtuithe, fadhbanna análaithe is meiningíteas/einceifilíteas (at inchinne) a tharraingt. Tá seans de 1 as 2,500 – 5,000 aige bás a tharraingt.

- Tig leis an leicneach bodhaire, le hathshlánú páirteach nó iomlán, a tharraingt, agus magairlí borracha i measc stócach is fear. B'í an chúis ba mhó le meingíteas víreasach i bpáistí.

- Tig leis an bhruitíneach dhearg athlasadh inchinne a tharraingt fosta agus dul i gcion ar théachtadh fola. I measc ban ag giúlán, tig léi breith anabaí a tharraingt nó mórfhadhbanna sláinte dá gcuid leanbán ar nós daille, bodhaire, fadhbanna croí nó damáiste don inchinn.

Tá sé tábhachtach tabhairt chun cuimhne gan vacsaín MMR a bheith acu go dtógfadh beagnach achan pháiste na trí galair uilig.

An bhfuil fo-iarsmaí ar bith ag MMR?
Dálta le hachan mhíochaine, bíonn roinnt fo-iarsmaí ag baint le vacsainíthe. Mionrudaí atá i gceist sa mhórchuid acu seo agus ní mhaireann said ach tamall gearr, m.s deirge agus at ar láthair an insteallta.

Tá trí vacsaín fá leth in aon instealladh amháin ag MMR. Oibríonn na vacsaíní ag amanna seachas a chéile. Thart fá sheachtain nó 10 lá i ndéidh díofa imdhíonadh MMR a fháil, éiríonn fiabhras ar pháistí áirithe, tagann gríos cosúil leis an bhruitíneach orthu agus ní bhíonn goile orthu de réir mar a thoisíonn an chuid den vacsaín a bhaineann leis an bhruitíneach ag obair. Iontach annamh, thiocfadh go dtig gríos le spotaí mar bhalbhrú ar do pháiste thart fá dhá sheachtain i ndéidh MMR de thairbhe na coda den imdhíonadh a bhaineann leis an bhruitíneach dhearg. De ghnáth, éiríonn sé seo níos fearr as a stuaim féin ach má chíonn tú spotaí mar seo, taispeáin do do dhochtúir iad. Thart fá thrí seachtainí i ndéidh an insteallta, thiocfadh go dtig leicneach éadrom ar pháiste ó am go chéile de réir mar a ghabhann an chuid den MMR a bhaineann leis an leicneach i gcion.

Ó thráth go chéile, bíonn frithghníomh dona ag páistí in éadan vacsaín MMR. Thig taom ar thart fá dhuine amháin as 1,000 arna tharraingt ag teocht ard de thairbhe na coda den vacsaín a bhaineann leis an bhruitíneach. Níl fianaise ar bith ann go mbíonn sé seo ag tarraingt fadhbanna fadtéarmacha. Bíonn páiste ar a bhfuil an bhruitíneach cúig oiread níos dócha taom a bheith air de thairbhe an tinnis.

Thig le vacsaín frithghníomh ailléirgeach a tharraingt fosta ach bíonn said seo iontach annamh agus tugann cóireáil athshlánú mear is iomlán.

Táthar i ndéidh einceifilíteas (at inchinne) i thart fá chás amháin as achan mhilliún imdhíonadh. Níl sé seo níos airde ná an seans go dtógfaidh páiste ar bith einceifilíteas gan an vacsaín. Ach bíonn an bhruitíneach ag tarraingt einceifilítis i bpáiste amháin as achan 5,000 a mbaineann an galar díofa.

Tugann comparáidí eadar fo-iarsmaí MMR agus fo-iarsmaí na bruitíní, na leicní nó na bruitíní deirge le fios go bhfuil an vacsaín i bhfad níos sábháilte ná na galair.

Aimhréidh	Ráta i ndéidh galair nádúrtha	Ráta i ndéidh instealladh amháin de MMR
Taomanna (de thairbhe teochta airde)	1 as 200	1 as 1,000
Meiningíteas/at inchinne (einceifilíteas)	1 as 200 go 1 as 5,000	1 as 1,000,000
Aimhréidh ag dul i gcion ar théachtadh fola	1 as 3,000	1 as 24,000
Bás (ag brath ar aois)	1 as 2,500 go 1 as 5,000	Dadaidh

Bíonn na fo-iarsmaí níos annamh fós i ndéidh an dara dáileog de MMR a fháil.

Fíricí fá dtaobh de vacsaín MMR

- Tugann vacsaín MMR cosaint do pháistí in éadan bruitíní, leicní is bruitíní deirge.
- In 30 bliain, táthar i ndéidh corradh le 500 milliún dáileog de MMR a thabhairt i gcorradh le 100 de thíortha. Tá clár sábháilteachta den scoith aige.
- Níl faianaise ar bith ann de nasc ar bith eadar MMR is uathachas ná galar inne.
- D'fhéadfadh tabhairt na vacsaíní ar leith a bheith díobhálach. Fágann sé páistí foscailte don riosca a beith ag tógáil bruitíní, leicní nó bruitíní deirge.
- Nuair is ann do MMR, ní mholann tír ar bith na vacsaíní uilig a thabhairt ar leith.
- Sa bhliain sular tugadh isteach MMR don RA, thóg 86,000 de pháistí an bhruitíneach agus fuair 16 bás. De thairbhe na tógála ísle den vacsaín, bhris sí amach arís ar na mallaibh i Sasana, in Éirinn is sa Spáinn, agus d’fhág go leor páistí marbh.

Cad fá dtaobh de thuairiscí de naisc eadar uathachas is MMR?
Cé go n-aithnítear an t-uathachas breis is breis anois, bhí na harduithe ar siúl i bhfad sular tugadh an MMR isteach. Is minic a chíonn tuismitheoirí na chéad chomharthaí den uathachas i bpáistí i ndéidh díofa a bheith bliain d'aois a scoitheadh. De ghnáth, tugtar MMR do pháistí thart fán aois seo ach ní chiallaíonn sé seo go mbíonn MMR ag tarraingt uathachais.

Gabhadh de thaighde thar a bheith fairsing fá dtaobh de nasc a bheith ann eadar vacsaín MMR is an t-uathachas, rud a thug isteach na céadta de mhílte de pháistí, sa Danmhairg, sa tSualainn, san Fhionlainn, i gCeanada, sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe. Ní bhfuarthas nasc ar bith.

Tá saineolaithe ar fud na cruinne, lena n-áirítear an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, ar aon bharúil nach bhfuil nasc ar bith eadar vacsaín MMR agus uathachas.

An bhfuiltear i ndéidh páistí a leanstan fada go leor i ndéidh MMR le bheith cinnte go bhfuil sé sábháilte?
Sna Stáit Aontaithe, táthar i ndéidh MMR a thabhairt le corradh le 30 de bhlianta anois agus feidhm a bhaint as corradh le 200 milliún de dháileoga. San Fhionlainn, ina bhfuiltear i ndéidh dhá dháileog MMR a thabhairt do pháistí ó 1982 i leith, leanadh de na frithghníomhartha a tuairiscíodh i ndéidh MMR thar 14 de bhlianta. Ní raibh tuairiscí ar bith de dhamáiste buan de thairbhe na vacsaíne. Leoga, taispeánadh an MMR a bhith ina vacsaín thar a bheith éifeachtach le clár sábháilteachta den scoith.

Nach mbeadh sé níos fearr do pháistí vacsaíní MMR a bheith acu ar leith?
Chiallódh tabhairt na vacsaíní ar leith sé instealltaí seachas beirt agus d'fhágfadh sé na páistí nochtaithe do dhá chionn de na galair ar feadh cuid den bhliain ar a laghad. Tig leis na galair seo a bheith tromchúiseach agus fiú marfach.

Deirtear má thugtar na trí vacsaíní seo le chéile go ndéanann sé rólódáil ar néarchóras na bpáistí. Ní fíor é seo. Ó am breithe, bíonn córais imdhíonachta leanbán á gcosaint ó na ginidíní a bhíonn thart timpeall orthu.

Tugann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte an chomhairle gan feidhm a bhaint as vacsaíní ar leith cionn is go bhfágfadh siad na páistí fá riosca gan leas ar bith. Ní mholann tír ar bith ar domhan MMR a thabhairt mar thrí vacsaíní ar leith. Nil fianaise ar bith ann go mbíonn tabhairt na vacsaíní ar leith sábháilte ar dhóigh ar bith, mar sin d'fhéadadh muid a bheith ag déanamh díobhála gan aon mhaitheas a bheith á dhéanamh againn.

An bhfuil ábhair ar bith ann nár cheart do mo pháiste imdhíonadh a fháil le vacsaín diftéire, teiteanais, treacha is poilaimiailítis nó MMR?

Níl ach fíorbheagán ábhar ann gan imdhíonadh a thabhairt do do pháiste. Ba cheart duit do chuairteoir sláinte, do dhochtúir teaghlaigh nó d'altra cleachtaidh a chur ar an eolas más rud é go raibh cionn ar bith acu seo ar do pháiste:

- teocht iontach ard nó fiabhras;
- frithghníomh dona in éadan imdhíonta ar bith;
- ailléirge thromchúiseach in éadan ní ar bith;
- neamhord fuilithe;
- trithí nó taomanna;
- cóireáil fá choinne ailse;
- tinneas ar bith a imríonn rian ar an chóras imdhíonachta (m.s leoicéime, VEID nó SEIF;
- gur ghlac sé míochaine ar bith a imríonn rian ar an chóras imdhíonachta (m.e dáileog ard de stearóidí no cóireáil a thugtar i ndéidh trasphlanduithe organ nó fá dtaobh d’ailse);
- tinneas tromchúiseach ar bith eile.

Ní fhágann said seo i dtólamh nach féidir do pháiste a imdhíonadh ach cuidíonn sé má bheartaíonn do dhochtúir nó d'altra cad iad na h-imdhíontaí is fearr fá choinne do pháiste agus an mbeidh feidhm acu ar comhairle ar bith eile a thabhairt duit. Ní hábhar é riamh tinneas a bheith sa teaghlach gan páiste a imdhíonadh.

Cad a tharlaíonn má thig teocht ard ar mo pháiste i ndéidh dó imdhíonadh a fháil?

Is annamh fo-iarsmaí de thairbhe vacsaíní, de ghnáth bíonn siad éadrom agus imíonn siad go gasta. D’fhéadfadh páistí áirithe teocht ardaithe nó fiabhras (os cionn 37.5°C) a thógáil. Má airíonn éadan do pháiste te le teagmháil agus má bhíonn cuma na deirge air, is é is dócha go bhfuil fiabhras air. D’fhéadfá an teocht a sheiceáil le teirmiméadar.

Bíonn fiabhras measartha coitianta i measc leanbán is tachrán. Is minic a ghabhann said le hinfhabhtuithe. Ó thráth go chéile, tig le fiabhras taom a thabhairt ar pháiste. Tig le fiabhras ar bith é seo a tharraingt, bíodh an fiabhras ann de thairbhe infhabhtaithe nó vacsaíne. Mar sin, tá sé tábhachtach fios a

bheith agat goidé atá le déanamh agat más rud é go mbíonn fiabhras ar do pháiste. Cuimhnigh, is minicí fiabhrais á dtarraingt de thairbhe na ngalar seachas na vacsaíní.

Goidé mar a chóiríonn tú fiabhras

1. Coinnigh do pháiste fionnuar fríd chinntiú:
- nach mbíionn barraíocht sraitheanna d'éadach ná de bhlaincéid á gcaitheamh acu;
- nach mbíonn an seomra ina bhfuil said ró-the (níor cheart dó a bheith fuar ach an oiread, díreach go deas fionnuar).

2. Tabhair díofa neart dí fionnuaire.
3. Tabhair díofa paraicéiteamól nó iobúpróiféin (iarr saor ó shiúchra iad). Léigh an treoir ar an bhuidéal go faichilleach agus tabhair do do pháiste an dáileog cheart don aois ina bhfuil siad. Féadfaidh go mbeidh ort dáileog eile a thabhairt díofa ceithre nó sé d'uaire níos moille.

Cuimhnigh, ná tabhair miochais ina bhfuil aspairín do pháistí fá bhun 16 bhliain d'aois ariamh.

Cuir scairt ar an dochtúir láithreach más rud é go mbíonn cionn ar bith acu seo ar do pháiste:

- teocht iontach ard nó fiabhras (39°C nó níos airde);
- taom.

Más rud é go n-éiríonn taom do do pháiste, cuir ina luí ar an chliathán in áit shábháilte iad cionnas go dtiocfadh go ndéanfaidh an cholainn preab nó bíogadh.

Gnáthchlár imdhíonta le linn aois an pháiste

An t-am le n-imdhíonadh	Na galair a níonn an vacsaín cosaint ina n-éadan	Goidé mar a thugtar é
2 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, an triuch, polaimiailíteas is Hib Ionfhabhtú niúmacocúil	Instealladh amháin Instealladh amháin
3 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, an triuch, polaimiailíteas is Hib Meiningíteas C	Instealladh amháin Instealladh amháin
4 mhí d'aois	Diftéire, teiteanas, an triuch, polaimiailíteas is Hib Meiningíteas C Ionfhabhtu niúmacocúil	Instealladh amháin Instealladh amháin Instealladh amháin
12 mhí d'aois	Hib is meiningíteas C	Instealladh amháin
15 mhí d'aois	Bruitíneach, leicneach is bruitíneach dhearg Ionfhabhtú niúmacocúil	Instealladh amháin Instealladh amháin
3 go 5 mbliain d'aois	Diftéire, teiteanas, an triuch is polaimiailíteas Bruitíneach, leicneach is bruitíneach dhearg	Instealladh amháin Instealladh amháin
Cailíní 12 go 13 bhliain d'aois	Ailse cheirbheacsach arna tarraingt le cineálacha 16 is 18 de shineánómaivíreas daonna	Trí instealladh thar shé mhí
14 go 18 mbliain d'aois	Teiteanas, diftéire is polaimiailíteas	Instealladh amháin

Más rud é gur chaill do pháiste cionn ar bith de na vacsaíní seo, ní bhíonn sé ró-dheireanach breith suas. Socraigh coinne le dochtúir an teaghlaigh nó le do chuairteoir sláinte.

Má bhíonn breis eolais fá dtaobh d'imdhíonadh de dhíobháil ort, tadhaill ar láithreán Gréasáin na Roinne www.dhsspsni.gov.uk/immunisation nó ar an láithreán Gréasáin náisiúnta fá dtaobh d'imdhíonadh www.immunisation.nhs.uk

Produced by the **Public Health Agency** on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety. Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.

02/10